Bus Átha Cliath





2004

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN 2004




PRN. No. 0151

# Clár

| | |
|---|---|
| Achoimre Athbhreithniú Oibríochtaí | 3 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 4 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 5 |
| Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 7 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 8 |
| Príomh-Bheartais Chuntasaíochta | 10 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 12 |
| Clár Comhardaithe | 13 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 14 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 15 |
| Athbhreithniú Oibríochtaí | 24 |

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Ba mhaith le Bus Átha Cliath aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ar mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 chomh maith le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Ghriangraf an Príomhchlúdaigh:** Clós Bus Harristown, Fine Gall, Co. Bhaile Átha Cliath

**Griangrafadóir:** Mark McCall **Dearadh:** First Impression

# Achoimre Athbhreithniú Oibríochtaí

Is é an lársnáth ag dul trí phlean na cuideachta ná an tiomantas leanúnach chun seirbhís iontaofa, éasca le húsáid, airdeallach a bheidh bunaithe ar philéir seirbhíse poiblí a thairiscint dár gcuid custaiméirí.

## Torthaí Airgeadais

- Le béim ar rialú dian costas oibriúcháin agus seirbhís a bhíonn ag feabhsú seasta dár gcuid custaiméirí ghin Bus Átha Cliath €178 milliún ioncaim agus thuairisc barrachas oibriúcháin de €2 milliún
- Chuaigh ticéid réamhíoctha thar €45 milliún don bhliain
- Baineann 1,500 cuideachta le 40,000 fostaí leas as scéim sochar i gcineál Coigilt Chánach

## Infheistíochtaí Caipitil

- €42 milliún infheistithe i ngaráiste nua tiomanta
- 36 seanbhus ar leataobh do bhusanna dúbailte inrochtaine urláir ísil le linn na bliana
- Córas nua ticéad ar-bus

## Costas Tranglaim

- Tá an costas bliantúil do Bus Átha Cliath de bharr tranglaim thart ar €49 milliún fiú agus an chuideachta ag baint leasa as saineolas chun réiteach a fháilar an gceist sin

## Inrochtaine

- Tá breis is 45% de fhlít Bus Átha Cliath láninrochtaine le hurláir ísle
- Tá breis is 34% de gach bealach ainmnithe mar láninrochtaine

## Nuálachtaí seirbhíse dírithe ar Chustaiméirí

- D'úsáid 1.25 milliún úsáideoir an tseirbhís téacs tráthchláir BUSTXT
- Leathnú ar ghréasán ghníomhaireacht ticéad go 350 aschur feadh Bhaile Átha Cliath
- Forbairt agus leathnú bealaí chun freastal ar fhás áiteanna mar Pelletstown and nascadh línte Luas.
- Chuaigh líon paisinéirí thar 149 milliún don bhliain

## Freagracht Shóisialta Chorparáide agus Urraíocht

- Fuair 140 carthanacht €230,000 ón gClár Tacaíochta Pobail
- Fuair an chéad $O_2$ Ability Award for Leadership riamh
- Áirithe san Irish Independent 50 Cuideachta is fearr i 2004 le hoibriú inti

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

**Stiúthóirí amhail an 23ú Márta, 2005**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An Dr. J.J. Lynch |
| **Stiúrthóir Bainistíochta** | An Dr. A.R. Westwell (An Ríocht Aontaithe) |
| **Stiúrthóirí** | An tUasal G. Charles, An tUasal T. Coffey,<br>An tUasal D. Egan, A.M. Mannix, Uasal,<br>An tUasal B. McCamley, An tUasal A. O'Byrne,<br>An tUasal P. Webster |

| | |
|---|---|
| **Rúnaí** | An tUasal P. O'Neill |
| **Oifig Chláraithe** | 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Teileafón** | +353 1 872 0000 |
| **Faics** | +353 1 873 1195 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.dublinbus.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119569 |

| | |
|---|---|
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers<br>Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe<br>Cé Sheoirse, Baile Átha Cliath 2 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig, 2004.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Atbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná seirbhís bus chuimsitheach a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus dá cúlchríoch.

Thaifead Bus Átha Cliath barrachas trádála d'os cionn €2 mhilliún 2004. Is €178 milliún a bhí san ioncam don chuideachta, a ndéanann an Roinn Iompair rialáil uirthi, in 2004, fás de 3% ar 2003. I mbliain dhúshlánach, baineadh amach an fás sin trí sheirbhís mhaith custaiméirí a sholáthar mar aon le forbairt leanúnach ar an bhflít agus ar an ngréasán araon. Bhí an líon paisinéirí cothrom don bhliain agus, le hiompar de 149 milliún I 2004, tá BÁC fós ina chnámh droma don iompar poiblí sa phríomhchathar. Deonaíodh ardú táillí de 3% in Eanáir 2004.

## Infheistíocht Chaipitil

Leanann Bus Átha Cliath de bheith ag infheistiú i bhfeabhsú seirbhísí flít agus paisinéirí. I rith 2004, áiríodh ar infheistíocht chaipitil:

- 36 bus nua dhá stóir urlár íseal
- Oscailt an gharáiste nua ag Harristown ar chostas iomlán €42 milliún

## Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Tá clár feasachta ar chomhionannas, eitneacht agus inrochtaine déanta ag na fostaithe ar fad. Tá os cionn 60% de na tiománaithe creidiúnaithe le deimhniúchán ón Institiúid Ard-Tiomána. Leanadh den chlár d'fhorbairt bhainstíochta le roinnt bainteoirí ag críochnú staidéar MBA agus tuilleadh acu i mbun cúrsaí éagsúla.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Leanann an Clár Comhionannais agus Éagsúlachta ag cur sárchleachtais chun cinn agus áirítear ann an Plean Gníomhaíochta do 2003-2006.

Clúdaíonn an plean gníomhartha a bheidh le glacadh i raon réimsí lena n-áirítear earcú agus roghnú, cothromas sa saol oibre, éagsúlacht chultúrtha, míchumas agus oiliúint.

Tá polasaí ag Bus Átha Cliath ar "Dínit agus Meas" ag an obair, a luann tiomantas na cuideachta áit oibre tacúil a sholáthar a bhíonn saor ó gach cineál bulaíochta, ciaptha agus gnéaschiaptha. Tá sé sin scaipthe chuig an bhfoireann ar fad agus léirítear é i gcláir oiliúna.

Leanann Bus Átha Cliath de bheith aitheanta mar shamhail dea-chleachtais ina bheartas agus ina ghníomh deimhneach ar Idirchultúrachas agus Frith-Chiníochas. Leanaimid d'uilechuimsitheacht agus comhionannas san áit oibre agus i soláthar seirbhíse a chur chun cinn.

Bhuamar sa chatagóir ceannaireachta i nGradaim Cumais $O_2$, ag cur béime ar ár staid mar ról-samhail agus ceannaire inár dtiomantas seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

## Timpiste Ché Wellington

Dé Sathairn, an 21ú Feabhra 2004, tharla timpiste tragóideach ar Ché Wellington, agus ar maraíodh cúigear dá bharr agus ar gortaíodh 14. Ba mhaith leis an gcuideachta a comhbhrón ó chroí a dhéanamh le teaghlaigh na ndaoine a bhásaigh agus leis na daoine a gortaíodh sa timpiste sin agus a raibh tionchar ag an timpiste orthu.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig, 2004 leagtha amach go mion ar leathanaigh 10 go dtí 23. Taispeánann na torthaí do 2004 barrachas €2,039,000 (2003 – €7,394,000).

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 agus gach rialachán eile náisiúnta agus AE a chomhlíonadh. Coinnítear an Ráiteas Sábháilteachta a ghlac an chuideachta i mí Feabhra 1991 faoi athbhreithniú agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn leanúnach. Leanann comhairlí sábháilteachta a bunaíodh blianta roimhe seo ag rannpháirtiú fostaithe i ngach gné de bhainistiú sábháilteachta agus rioscaí.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí de na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an gcuideachta tar éis foilsiú an Chóid Chleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit ar fáil i gcuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Ceapann cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2004 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| An Dr. J.J. Lynch | Cathaoirleach |
| An Dr. A.R. Westwell<br>(An Ríocht Aontaithe) | Stiúrthóir Bainistíochta<br>(Athcheaptha an 9ú Feabhra, 2004<br>d'éirigh as mar stiúrthóir an<br>30ú Meitheamh, 2004) |
| An tUasal G. Charles | |
| An tUasal T. Coffey | (Athcheaptha an 29ú Aibreán, 2004) |
| An tUasal D. Egan | (Athcheaptha an 9ú Feabhra, 2004)<br>athcheaptha an 9ú Feabhra, 2005) |
| A.M. Mannix, Uasal | (Athcheaptha an 29ú Aibreán, 2004) |
| An tUasal B. McCamley | |
| An tUasal A. O'Byrne | (Athcheaptha an 1ú Meitheamh, 2004) |
| An tUasal. P. Webster | (Athcheptha an 1ú Meitheamh, 2004) |

Ní raibh aon leas in aon scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí nó ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Ní dhearnadh aon chonarthaí nó socruithe i rith na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i ndáil le gnó an Ghrúpa.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach
**Arnold O'Byrne,** Stiúrthóir

23ú Márta, 2005.

# Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thabharfaidh léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus barrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2003 de chuid na hÉireann. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bus Átha Cliath – Dublin Bus

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ag leathanaigh 10 go dtí 23.

## Freagrachtaí faoi Seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí na hÉireann lena mbaineann agus na Caighdeáin Chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 7 sa ráiteas de fhreagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é ár bhfreagracht ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúil agus rialaitheach agus de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta is infheidhme in Éirinn. Tá an tuarascáil seo, lena n-airítear an tuairim, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsan amháin, mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003. Luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid duit freisin ár dtuairim maidir le:

- cibé an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- cibé an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin duitse, más rud é, inár tuairim, nach nochtaítear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí.

## Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchtóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca na cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtaítear go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig, 2004 agus ar an mbarrachas agus sreabhadh airgid don bhliain dar chríoch amhlaidh agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 5 agus 6 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 13, níos mó ná leath méid a scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh aon staid airgeadais ann ag an 31ú Nollaig, 2004, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, a d'éileodh go dtionólfaí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

23ú Márta, 2005.

# Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag na costais stairiúla lúide dímheas carnaithe bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

### (i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar feithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhonn céatadáin ag laghdú a léiríonn úsáid na feithicle trína bhfad saoil.

### (ii) Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

## (C) Sócmhainní Léasaithe

### (i) Léasanna airgeadais

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chuntasú de réir SSAP 21 (Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costas caipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne. Tá mír chaipitil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh i gcreidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais i rith thréimhse príomha an léasa.

### (ii) Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

## (D) STOIC

Déantar stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe. Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus ullmhaítear do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

# Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

## (E) Deontais

### (i) Deontais Aontais Eorpaigh agus deontais ón Státchiste

Déantar deontais Aontais Eorpaigh (AE) agus deontais ón Státchiste, a bhaineann le caiteachas caipitil ar thionscadail ar leithligh, a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna de réir mar a dhéantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte agus scaoiltear iad chuig an gcuntas caiteachais iomchuí sa bhliain dá mbaineann an caiteachas.

### (ii) Deontais Stáit

Déileáiltear le deontais stáit a fuarthas i rith na bliana i ndáil le hoibleagáidí seirbhíse poiblí sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (F) Airgeadra Coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais malartaithe réadaithe ar idirbheartaíochtaí a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

## (G) Pinsin

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é i rith tréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ón achtúire neamhspleách, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasacha seirbhíse atá fanta chomhaltaí na scéime. Foráiltear do chostas caipitil na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| **Bliain dar chríoch an 31 Nollaig** | **Nótaí** | **2004** | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Ioncam** | | **177,553** | 172,937 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 2 | **(159,059)** | (147,430) |
| Ábhair agus seirbhísí | 3 | **(66,130)** | (59,664) |
| Dímheas | 4 | **(14,755)** | (14,151) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(239,944)** | (221,245) |
| **Easnamh roimh ghnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús agus deontas Stáit** | | **(62,391)** | (48,308) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **1,191** | 355 |
| **Easnamh roimh ús agus deontas Stáit** | | **(61,200)** | (47,953) |
| Ús infhaighteach | 5 | **1,429** | 1,480 |
| **Easnamh don bhliain roimh dheontas Stáit** | | **(59,771)** | (46,473) |
| Deontas Stáit | 6 | **61,810** | 53,867 |
| **Barrachas don bhliain tar éis deontais Stáit** | | **2,039** | 7,394 |
| Easnamh carntha ag tús na bliana | | **(14,402)** | (21,796) |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | **(12,363)** | (14,402) |

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.
Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach
**Arnold O'Byrne,** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| Amhail an 31 Nollaig | Nótaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | **119,601** | 132,755 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 8 | **2,592** | 2,375 |
| Féichiúnaithe | 9 | **79,886** | 65,771 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | | **–** | 3,352 |
| | | **82,478** | 71,498 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 10 | **(39,990)** | (40,133) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **42,488** | 31,365 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **162,089** | 164,120 |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear** | 12 | **(76,992)** | (71,173) |
| **Ioncam iarchurtha** | 13 | **(44,687)** | (54,576) |
| | | **40,410** | 38,371 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 14 | **31,743** | 31,743 |
| Cúlchiste athsholáthar sócmhainní | | **21,030** | 21,030 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | **(12,363)** | (14,402) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | 15 | **40,410** | 38,371 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach

**Arnold O'Byrne,** Stiúrthóir

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 16 (A) | **19,068** | 23,791 |
| **Toradh ar infheistíocht agus fónamh airgeadais** | 16 (B) | **1,429** | 1,480 |
| **Caiteachas caipitil** | 16 (B) | **(13,984)** | (27,144) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe** | 16 (B) | **1,590** | 399 |
| **Deontais chaipitil a fuarthas** | 16 (B) | **753** | 5,700 |
| **Insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú** | | **8,856** | 4,226 |
| **Glanbhainistiú ar acmhainní leachtacha** | | **(11,954)** | (1,089) |
| **Airgeadú** | 16 (B) | **(598)** | (1,158) |
| **(Laghdú)/méadú in airgead tirim sa bhliain** | | **(3,696)** | 1,979 |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

| **Réiteach an ghlanshreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
|---|---|---|---|
| (Laghdú)/méadú in airgead sa bhliain | 16 (C) | **(3,696)** | 1,979 |
| Glan-insreabhadh airgid ó iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta agus airgeadú léasa | 16 (C) | **12,552** | 2,247 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain** | | **8,856** | 4,226 |
| Glanchistí amhail an 1ú Eanáir | 16 (C) | **64,863** | 60,637 |
| **Glanchistí amhail an 31ú Nollaig** | 16 (C) | **73,719** | 64,863 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 1 GLAN-BHARRACHAS DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2004** | 2003 | **2004** | 2003 |
| | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| Ioncam | **165,313** | 162,405 | **12,240** | 10,532 |
| Costais | **(228,469)** | (212,049) | **(8,855)** | (7,361) |
| Barrachas/(easnamh) oibríochta | **(63,156)** | (49,644) | **3,385** | 3,171 |
| Deontas Stáit | **61,810** | 53,867 | **–** | – |
| Glan-(easnamh)/bharrachas | **(1,346)** | 4,223 | **3,385** | 3,171 |

## 2 PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **140,332** | 130,151 |
| Costais leasa shóisialaigh | **12,701** | 11,911 |
| Costais pinsin eile | **6,216** | 5,230 |
| Caipitealú ar obair féin | **(429)** | (221) |
| **Costais iomlán foirne** | **158,820** | 147,071 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **40** | 21 |
| - do sheirbhísí eile | **199** | 338 |
| **Iomlán an luach saothair agus díolaíochtaí** | **239** | 359 |
| **Iomlán an phárolla agus costais ghaolmhara** | **159,059** | 147,430 |

| | Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2004** | 2003 |
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **3,408** | 3,367 |

## 3 ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Breoslaí agus bealadh | **10,723** | 9,137 |
| Ábhair | **16,077** | 14,918 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **505** | 489 |
| Cíos agus rátaí | **486** | 463 |
| Luach saothair inniúchóirí | **40** | 38 |
| Oibríochtaí cíosanna ar léas | **361** | 399 |
| Éilimh tríú páirtí agus dliteanais fostóra | **15,586** | 13,599 |
| Seirbhísí eile | **24,636** | 21,093 |
| Deontais ioncaim *(nóta 13)* | **(2,284)** | (472) |
| | **66,130** | 59,664 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **4 DÍMHEAS** | | |
| Dímheas *(nóta 7)* | **26,739** | 26,011 |
| Amúchadh deontais AE agus deontais ón Státchiste | **(11,984)** | (11,860) |
| | **14,755** | 14,151 |
| **5 ÚS (INFHAIGHTE)/INÍOCTHA** | | |
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta shealbhaíochta | **(1,439)** | (1,521) |
| Ar léasanna airgeadais | **11** | 62 |
| Fáltais úis eile | **(1)** | (21) |
| | **(1,429)** | (1,480) |

## 6 DEONTAS STÁIT

Is €61,810,000 an deontas Stáit a bhí iníoctha le Bus Átha Cliath – Dublin Bus trína chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, i ndáil le hoibleagáidí seirbhíse poiblí don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig, 2004 (2003 – €53,867,000).

## 7 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | **Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000** | **Gléasra & Innealra €000** | **Iomlán €000** |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1ú Eanáir, 2004 | **251,857** | **26,523** | **278,380** |
| Breiseanna | **10,432** | **3,552** | **13,984** |
| Diúscairtí | **(14,266)** | **(11)** | **(14,277)** |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2004** | **248,023** | **30,064** | **278,087** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1ú Eanáir, 2004 | **130,770** | **14,855** | **145,625** |
| Muirear don bhliain | **24,717** | **2,022** | **26,739** |
| Diúscairtí | **(13,867)** | **(11)** | **(13,878)** |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2004** | **141,620** | **16,866** | **158,486** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2004** | **106,403** | **13,198** | **119,601** |
| Amhail an 31ú Nollaig, 2003 | 121,087 | 11,668 | 132,755 |

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

| | **Saol (blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8 – 10 |
| Gléasra agus Innealra | 1 – 10 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 7 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

(b) Rinneadh lándímheas ar fheithiclí paisinéirí bóthair ag costas de €13,068,000 (2003 – €20,093,000) ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €16,000 (2003 – €13,000) san áireamh i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad atá á dtógáil agus ar sócmhainní iad nach bhfuil fós i mbun seirbhíse.

## 8 STOIC

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála | **1,645** | 1,465 |
| Breosla, bealadh agus stoic éagsúla eile | **947** | 910 |
| | **2,592** | 2,375 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar cheanglais oibríochta fadtréimhseacha. Níl luach athsholáthair na stoc difriúil go hábhartha óna luach de réir na leabhar.

## 9 FÉICHIÚNAITHE

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **4,663** | 3,081 |
| Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta | **74,063** | 62,109 |
| Deontais AE agus deontais ón Státchiste is infhaighte | - | 4 |
| Féichiúnaihte eile agus ioncam fabhraithe | **1,160** | 577 |
| | **79,886** | 65,771 |

## 10 CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt | **344** | - |
| Creidiúnaithe trádála | **4,780** | 2,915 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 11)* | - | 598 |
| Ioncam le cáin asbhainte faoi ÍMAT | **2,702** | 1,666 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | **3,437** | 2,752 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **(102)** | 106 |
| Creidiúnaithe eile | **2,184** | 2,533 |
| Ioncam iarchurtha | **2,652** | 2,590 |
| Fabhruithe | **3,224** | 5,607 |
| Scaoileadh deonach | **98** | 353 |
| Éilimh tríú páirtí agus dliteanais fostóra *(nóta 12)* | **10,000** | 9,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 13)* | **10,671** | 12,013 |
| | **39,990** | 40,133 |
| Creidiúnaithe do chánachachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **6,037** | 4,524 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **11 OIBLEAGÁIDÍ LÉASA** | | |
| **(A) Léasanna airgeadais** | | |
| Tá glanoibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 10)* | - | 598 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | - | - |
| Tar éis cúig bliana | - | - |
| | - | - |
| | - | 598 |
| **(B) Léasanna Oibríochta** | | |
| Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **115** | 94 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **139** | 168 |
| | **254** | 262 |

## 12 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh tríú páirtí agus dliteanais fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir, 2004 | **80,173** | 75,000 |
| Úsáid i rith na bliana | **(8,253)** | (7,853) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **15,072** | 13,026 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig, 2004** | **86,992** | 80,173 |
| **Cionaithe:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 10)* | **10,000** | 9,000 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **76,992** | 71,173 |
| | **86,992** | 80,173 |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear méideanna nach mbíonn socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus muirir.

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh bóthair a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur os cionn US$3,3000,000 é;

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 12 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach** (ar leanúint)

(ii) dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe ag eascairt as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin:

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó thuilte, áit gur os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é; agus

(b) aon dhamháiste eile ó thuile áit gur os cionn €250,000 é;

(iii) dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €15,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005; faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa iomláin de €27,000,000;

(iv) is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas dliteanais comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005, do dhliteanais tríú páirtí ráille agus bóthair agus rioscaí eile;

(v) priacail dóiteáin agus speisialta, lena n-áirítear damáiste stoirme, do mhaoin an Ghrúpa sa bhreis ar €1,000,000 agus slánaíocht de €200,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas; agus

(vi) is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farrasbarr de €150,000 i ndáil le damáiste maoine, méadaithe go dtí €500,000 i ndáil le rothstoc ráille agus bóthair, do gach uile cheann de na caillteanais.

**(B) Forálacha d'Éilimh Tríú Páirtí agus Dliteanais Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara**

Foráiltear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach in éilimh bhainistíochta ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aici maidir lena thaispeáint éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthair éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn forálacha teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 12 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

**(B) Forálacha d'Éilimh Tríú Páirtí agus Dliteanais Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara** (ar leanúint)

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar fhasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag roinnt leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le aon athárachóirí in athrith.

## 13 IONCAM IARCHURTHA

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Léiríonn an cuntas seo deontais AE agus deontais ón Státchiste a chuirfear chun sochair de réir polasaí cuntasaíochta E. | | |
| **Deontais Aontais Eorpaigh/Deontais ón Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir, 2004 | **66,589** | 72,868 |
| Faighte agus infhaighte | **3,037** | 6,172 |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais | | |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(11,984)** | (11,979) |
| Deontas ioncaim *(nóta 3)* | **(2,284)** | (472) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig, 2004** | **55,358** | 66,589 |
| **Cionaithe:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 10)* | **10,671** | 12,013 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **44,687** | 54,576 |
| | **55,358** | 66,589 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **14 SCAIRCHAIPITEAL** | | |
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **38,092** | 38,092 |
| **Leithroinnte, glaoite agus lánìoctha:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **31,743** | 31,743 |
| **15 RÉITEACH GLUAISEACHTA I GCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ** | | |
| Barrachas don bhliain tar éis deontais Stáit | **2,039** | 7,394 |
| Cistí tosaigh sealbhóirí gnáthscaireanna | **38,371** | 30,977 |
| **Cistí deiridh sealbhóirí gnáthscaireanna** | **40,410** | 38,371 |
| **16 RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID** | | |
| **(A) Réiteach easnamh oibríochta i leith sreabhadh airgid oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh dheontas Stáit | **(61,200)** | (47,953) |
| Deontas Stáit *(nóta 6)* | **61,810** | 53,867 |
| | **610** | 5,914 |
| Dímheas | **26,739** | 25,967 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(11,984)** | (11,979) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(1,191)** | (355) |
| (Méadú)/laghdú i stoic | **(217)** | 21 |
| Méadú i bhféichiúnaithe | **(2,161)** | (60) |
| Méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | **7,272** | 4,283 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtí oibríochta** | **19,068** | 23,791 |
| **(B) Anailís ar shreabhadh airgid do cheannteidil glan sa ráiteas faoi shreabhadh airgid** | | |
| **Seirbhísiú ar airgeadas** | | |
| Ús a fuarthas | **1,439** | 1,521 |
| An mhír úis de chíosanna léasa airgeadais | **(11)** | (62) |
| Fáltais úis eile | **1** | 21 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | **1,429** | 1,480 |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach sóchmhainní seasta inláimhsithe | **(13,984)** | (27,144) |
| Glan-insreabhadh airgid ó dhíol sócmhainní inláimhsithe | **1,590** | 399 |
| Deontais chaipitil AE/ón Státchiste | **753** | 5,700 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil** | **(11,641)** | (21,045) |
| **Airgeadú** | | |
| Fiach dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Mír chaipitil ar chíosanna léasa airgeadais | **(598)** | (1,158) |
| **Glan-eis-sreabhadh airgeadais ó mhaoiniú** | **(598)** | (1,158) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 16 RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID (ar leanúint)

| | An 1ú Ean. 2004 €000 | Sreabhadh airgid €000 | An 31ú Nol. 2004 €000 |
|---|---|---|---|
| **(C) Anailís ar ghlanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | 3,352 | (3,352) | - |
| Rótharraingt | - | (344) | (344) |
| | | (3,696) | |
| Léasanna airgeadais | (598) | 598 | - |
| Iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | 62,109 | 11,954 | 74,063 |
| | | 12,552 | |
| **Iomlán** | 64,863 | 8,856 | 73,719 |

## 17 PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe na cuideachta rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsin sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ. Infheistítear ranníocaí ón gcuideachta agus ó na fostaithe i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgthe.

Cé gur scéimeanna sochair an sainmhíniú a thugtar ar na scéimeanna, níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na scéimeanna a shainaithint. Léirigh staid achtúrach na scéimeanna amhail an 31ú Nollaig, 2004, ag baint úsáide as boinn a éilítear le Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) easnamh de €287 milliún. Tá na mionsonraí a éilíonn FRS 17 i ndáil leis na scéimeanna i gcuntais Chóras Iompair Éireann.

## 18 TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | **2004 €000** | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | **32,896** | 42,605 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do | - | 366 |
| | **32,896** | 42,971 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 19 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar Feitheamh**

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 20 IDIRBHEARTAÍOCHTAÍ PHÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 21 COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Átha Cliath - Dublin Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.


## 22 CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 23ú Márta, 2005.

# Athbhreithniú Oibríochtaí

Lean Bus Átha Cliath de bheith ag tógáil agus ag feabhsú ar an bhfeidhmíocht láidir le blianta beaga anuas. Taifeadadh barrachas d'os cionn €2 mhilliún, tógtha ar rialuithe láidre airgeadais chomh maith le fás ioncaim de 3% go dtí €178m. Mhéadaigh aistir phaisinéirí ó 134 milliún i 2000 go dtí beagnach 150 milliún i 2004, le cabhair ó fhorbairt fhorchéimneach an ghréasáin agus seirbhís custaiméirí feabhsaithe. Is é Bus Átha Cliath go mór fada an soláthróir iompair phoiblí is mó in Éirinn nuair a chuirtear i gcomparáid le soláthróirí eile é ar nós Luas ag tuar 20 milliún agus 15.9 milliún ag dul trí aerfort Bhaile Átha Cliath in aghaidh na bliana.

Aistir Phaisinéirí




Tá úsáid bainte ag an gcuideachta as a shaineolas chun réitigh a aimsiú ar an bhfadhb atá ag méadú maidir le tranglam tráchta sa chathair. Measann BDO Simpson Xavier Consulting go gcosnaíonn sé sin €49m in aghaidh na bliana ar an gcuideachta. Tá an líon a bhíonn ag úsáid Conairí Ardchaighdeáin Bus (QBCanna) ag fás go leanúnach agus táimid ag obair go dlúth le foireann an Ghréasáin Ardchaighdeáin Bus chun an infheistíocht riachtanach bonneagair seo a leathnú agus a fheabhsú.

Oibríonn Bus Átha Cliath flít de 1,067 bus ar 170 bealach ag taisteal beagnach 60 milliún ciliméadar sa bhliain. D'fhéach an chuideachta lena chinntiú go mbíonn an gréasán feistithe d'éilimh athraitheacha na cathrach agus i rith na bliana tugadh roinnt seirbhísí nua agus nuálachtaí isteach.

Áirítear orthu sin:

- Gréasáin athdheartha agus feabhsaithe i roinnt limitéar den chathair m.sh. Cluain Dolcáin, Bré, Baile Bhlainséir agus Baile Munna.
- Bealaí leathnaithe chun freastal ar threochtaí daonra atá ag méadú i limistéir ar nós Pelletstown, Ongar agus Cherrywood.
- Feabhsúcháin ghréasáin chun feabhas a chur ar lánpháirtiú m.sh. bealach 92 a thabhairt isteach ag nascadh Heuston, Lár na Cathrach, Luas agus Faiche Stiabhna.
- D'fhógair Bus Átha Cliath coincheap nua 'Lárnasc/ Centrelink' chun úsáid ár seirbhísí trí lár na cathrach a chur chun cinn. Is ann do tháille speisialta siopadóirí de 50 cent i rith na seachtaine ar na bealaí sin.
- Mhéadaigh Bus Átha Cliath an tseirbhís go suntasach i gceantar an DART chun custaiméirí ar chuir oibreacha atógála an DART as dóibh a iompar. Chuireamar seirbhísí athsoláthair ar fáil freisin chun briseadh síos an Luas a chlúdach.
- Bhí os cionn 1.25 milliún iarratas ar fhaisnéis amchláir i rith 2004 ar BUSTXT, a tugadh isteach ag deireadh 2004.
- Ceannach 36 bus nua dhá stóir le hurlár íseal inrochtaine.





*Flít nua-aimseartha le libhré nua*

# Athbhreithniú Oibríochtaí

- Dul chun cinn suntasach ar fhorbairt chóras ticéadaithe nua ar an mbus, a úsáideann an teicneolaíocht is déanaí agus a sholáthróidh ardán chun tacú le ticéadú cárta a thabhairt isteach. Cabhróidh sé sin freisin lenár n-obair leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA) ar thicéad comhtháite a thabhairt isteach bunaithe ar chártaí cliste gan tadhall sa todhchaí.

Faoi mar atá le gach cuideachta iompair phoiblí san Eoraip, fuair Bus Átha Cliath íocaíocht oibleagáid seirbhíse poiblí, a dtugtar fóirdheontas de ghnáth air, ón Rialtas. I 2004, fuaireamar díreach faoi €62 milliún agus is ionann sin agus 26% de na costais oibríochta, ceann de na céatadáin is ísle a tugadh do chuideachta bus iompair phoiblí.




Comhaontaíodh Meamram Tuisceana ar Leibhéil agus Spriocanna Seirbhíse don bhliain idir an chuideachta agus an Roinn Iompair. I rith na bliana, chomhlíonamar na spriocanna go léir agus, i go leor cásanna, sháraíomar na spriocanna sin a bhí leagtha amach sa chomhaontú.


Chun déileáil le héileamh amach anseo ar shaoráidí breise busanna tugadh cead láthair ghlas 4.4 heicteár suite ag Harristown ag síneadh le hAerphort Bhaile Átha Cliath agus in aice leis an M50 a fháil. Cuireadh tús leis an obair i Lúnasa 2003 le clár tógála teilgthe 59 seachtaine agus tugadh ar láimh do Bhus Átha Cliath é ag deireadh Mheán Fómhair



*Limistéar seirbhíse agus cothabhála in Áras Bus Harristown*

2004, in am agus laistigh den bhuiséad. Fónann an garáiste nua i láthair na huaire do 200 bus (le hacmhainn do 40 bus breise) agus oibríonn ar bhonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá na seachtaine. Baintear úsáid as an tsaoráid do pháirceáil, do chothabháil agus do sheirbhísí busanna dhá stór, busanna aonstóir agus busanna altacha. Tá an garáiste i mbun oibre ón 31ú Deireadh Fómhair 2004 agus i láthair na huaire tá 450 duine ag obair ann.

Leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar Thicéid Réamhíoctha i 2004 agus tá an t-ioncam anois os cionn €45 milliún den chéad uair riamh. Tá méadú ag teacht ar an tóir atá ar an raon Rambler de tháirgí anois agus is é an ceann is coitianta díobh an Rambler Handy Pack 5 Lá, a ranníocann os cionn 22% den ioncam go léir ó Thicéid Réamhíoctha Comaitéara.




# Athbhreithniú Oibríochtaí

Bhí leathnú breise ar an ngréasán Gníomhaireachta Ticéad trína ndíolaimid ticéid le custaiméirí. I 2004, mhéadaigh an líon ionad gníomhaireachta ticéad ó 280 go dtí 350. Díolann Bus Átha Cliath anois os cionn 250,000 ticéad comaitéara gach seachtain tríd an ngréasán den scoth gníomhairí ticéad sin. Bhí méadú díolacháin ó €13 milliún i 2003 go dtí €25 milliún i 2004 ar an dreasacht sochair chomhchineáil TaxSaver, a cheadaíonn d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon leas a bhaint as coigealtas suntasach cánach ar thicéid chomaitéara míosúla agus bliantúla.

Baineann os cionn 40,000 comaitéar rialta ag 1,500 cuideachta i mBaile Átha Cliath agus timpeall Baile Átha Cliath leas anois as coigealtas suntasach cánach ar a gcostais taistil mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa scéim seo.

Ag leanúint ónár n-oibríocht lánpháirtithe pleanála agus seirbhíse iompair do mhórimeachtaí i 2003, ar nós na Cluichí Speisialta Oilimpeacha, lean Bus Átha Cliath i 2004 de bheith ina phríomhrogha soláthróirí iompair do chustaiméirí chuig ceolchoirmeacha móra i mBaile Átha Cliath agus timpeall ar Bhaile Átha Cliath. Ag obair go dlúth le lucht eagair imeachtaí agus páirtithe leasmhara éagsúla, ar nós An Garda Síochána agus na hÚdaráis Áitiúla, d'eagraíomar agus sholáthraíomar iompar bus éifeachtach go dtí imeachtaí éagsúla ceolchoirmeacha agus spóirt.




*Ticéid réamhíoctha á gceannach ar http://www.dublinbus.ie/*



*Scoil Náisiúnta an Spiorad Naomh do Bhuachaillí, Baile Munna le linn cuairte ó dhuine de Chomhordaitheoirí Thionscadal Pobail BÁC*

Laghdaigh imbhuailtí agus timpistí custaiméirí 12% i rith na bliana agus tá siad anois níos ísle ná mar a bhí siad le os cionn 10 mbliana, in ainneoin flít níos mó agus gníomhaíocht mhéadaithe bóthair. Baineadh seo amach trí fheidhmiú rathúil ar chláir éagsúla oiliúna agus monatóireachta, i dteannta le leanúint de rannpháirtíocht agus chomhoibriú dearfach na foirne.

Féachann an chuideachta ar sheirbhís don phobal mar chroíluach agus tá rathúlacht ár ngnó nasctha go dlúth le leas an phobail dá bhfónaimid. Mar chuid den tiomantas sin, chuir an chuideachta tús i 2004 le Gradaim Chlár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath. Tá sé d'onóir againn gur bhronn an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa na gradaim ar 140 grúpa neamhbhrabúis ag réimsiú ó charthanachtaí agus scoileanna go dtí clubanna spóirt agus grúpaí pobail. Dheonaigh an chuideachta €230,000 chun cabhrú leis na grúpaí sin, a mbíonn a gcuid oibre, den chuid is mó, gan mórán aitheantais lasmuigh den dream a dtugann siad cabhair dóibh.

Mar aitheantas ar thiomantas leanúnach na cuideachta i leith freagracht shóisialta chorparáideach fuair sé ardmholadh ó Chumainn Tráchtála in Éirinn dá cuid oibre sa phobal. Chomh maith leis sin, bhronn Irish Independent Newspapers agus Excellence Through People an gradam ar Bhus Átha Cliath a bheith ar cheann de na 50 Cuideachta is Fearr i 2004 le hoibriú inti.


# Athbhreithniú Oibríochtaí

Mar chomhartha ar Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, dearadh agus brandáladh cúig bhus dhá stór i ndathanna na hUachtaránachta do thréimhse na huachtaránachta. Bhain ranna rialtais úsáid as na busanna sin ar roinnt ócáidí oifigiúla, lena n-áirítear deireadh seachtaine Aontachais na Bealtaine agus le linn chuairt an Uachtaráin Bush ar Éirinn.


Tá Bus Átha Cliath an-bhródúil as a chuid oibre agus as a thiomantas do dhaoine faoi mhíchumais. Bhí dearadh urlár íseal ar gach bus a cheannaíodh ó 2000 agus anois tá 45% dár bhflít go hiomlán inrochtaine. Tá sé d'onóir ag an gcuideachta freisin ar bheith ar an gcéad chuideachta le gradam cumais $O_2$ a fháil do "chinnireacht" bunaithe ar a thiomantas maidir le hearcú, cóiríocht, coinneáil agus léiriú fiúntais fostaithe agus custaiméirí faoi mhíchumas.

I rith na bliana, rith Bus Átha Cliath feachtas forleathan fógraíochta agus faisnéise chun feasacht ar inrochtaine iompair phoiblí a mhéadú. Tugadh cúnamh dó sin le maoiniú ó mhír Inrochtaine an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP).

Mar chuid de bhéim na cuideachta ar oiliúnt agus cúram custaiméirí tugadh faoin gcúrsa oiliúna Feasacht Custaiméirí ar Ardchaighdeán (QCA) i 2004. Is cúrsa oiliúna dearcaí a bhí ansin á rith ag na comhchomhairleoirí Speakers Ireland. Fad is gur fhreastail an fhoireann ar fad ar an gcúrsa bhí sé sainoiriúnaithe go rathúil chun fónamh ar na feidhmeanna difriúla. Ba é cnámh droma an chúrsa ná tábhacht an chustaiméara inmheánaigh agus an chustaiméara sheachtraigh agus ár gcaidreamh leo. Chruthaigh an cúrsa a bheith nuálach, praiticiúil agus dúshlánach agus bhí glacadh forleathan ag na grúpaí foirne ar fad leis.




Leanann Bus Átha Cliath de bheith ag déanamh a dhícheall le bheith níos éifeachtaí agus níos eacnamúla agus, mar chuid den chleachtadh sin, leanann sé de bheith á chur féin i gcomparáid le hoibreoirí eile san Eoraip, agus de bheith á bhinsemharcáil féin ina leith. Chuamar isteach le gairid le le grúpa Eorpach a fhéachann le feabhas a chur ar chumarsáid agus comparáid idir cuideachtaí iompair bus agus tá súil againn leas a bhaint as sin. Baineann ceann de na príomhchomparáidí leis an méid tiománaithe do gach bus agus, mar is léir thíos, táimid fabhrach go maith i gcomparáid le margaí eile.




*Tuarascáil Aimsiú Fíricí agus Binsemharcála Bhus Átha Cliath 2002*

D'éirigh go han-mhaith leis an gcuideachta i dtabhairt faoi na dúshláin a bhí roimhe cheana agus féachfaidh sí le tógáil air sin sna blianta amach romhainn. Leanfaidh Bus Átha Cliath de bheidh ag fónamh do riachtanais na cathrach agus de bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Iompair lena chinntiú go gcuirtear maoiniú dóthanach ar fáil chun seirbhís bus a bhíonn ag síorfheabhsú a sholáthar. Tá sé cruthaithe ag an mbus in imeacht na mblianta gurb é cnámh droma an iompair phoiblí é agus i láthair na huaire is é an modh is solúbtha agus is eacnamaíche sa chathair é.